

LITIR NUACHTA

ÁRAS MHÁIRTÍN UÍ CHADHAIN

AN CHEATHRÚ RUA

AIBREÁN 1989

ARAS MHÁIRTÍN ÚI CHADHAIN.

Is ionad sealbhaithe agus buanaithe Gaeilge é Aras Mháirtín Úi Chadhain. Tá an áit i seilbh Choláiste na hOllscoile, Gaillimh ó 1970. Bhiodh cursaí Gaeilge agus ranganna oiche Gaeilge ar bun ó dheireadh na seachtóidí go dtí láir na n-ochtóidí.

I 1986 leag Coláiste Ollscoile na Gaillimhe agus Roinn na Gaeltachta amach plean 3 bliana i sealbhú agus i mbuanú Gaeilge i gceantar na Ceathrún Rua.

Oscailiódh an t-ionad go lánaimseartha agus 4 fostaithe ann:-
2 Fheidhmeannach Teanga, Rúnai ' Clóscriobhai agus Tiománai. Tá fad
5 bhliana curtha leis an bplean sin anois agus tá 3 Fheidhmeannach Teanga fostaithe.

Fostaitear daoine óga ar Scéimeanna Taithí Oibre agus ar Scéim Chomhobair agus bhí Scéim Fostaiochta Sóisialta ar siúl faoi scáth an Arais freisin. Bhain céimithe óga Gaeltachta, daoine óga i dtús a saol oibre agus daoine os cionn 25 bliain tairbhe as an taithí oibre nó as scéimeanna FAS.

Sealbhú na Gaeilge:-

- (i) Cuirtear Cúrsai Gaeilge : dianchúrsaí seachtaine nó coicise ar fáil do dhaoine fásta as gach ceard den tir.
- (ii) Cúrsai Gaeilge miosa do mhic léinn agus do dhaoine fásta.
- (iii) Dianchúrsa Gaeilge do dhaoine as gach ceard den domhan i Mi Lúnasa.
- (iv) Cúrsai Féin-Teagaisc - ar fud cheantar Chonamara ó Charna go Gaillimh. Tá 26 duine ag baint tairbhe as na cláracha seo agus tugann an obair seo fostaocht do 11 múinteoir Gaeltachta.
- (v) Ranganna Oiche Gaeilge :
Coláiste Lurgan; Maigh Cuilinn; Carna; Corr na Móna;
Sraith, Co. Mhaigh Eo.

Tá an tseirbhís seo i labhairt nó i scriobh na Gaeilge ar fáil san Aras nó tríd an Aras do dhuine ar bith atá ina chónai san Gaeltacht nó atá ag obair sa nGaeltacht.

Má tá aithne agat ar dhuine ar bith atá ag iarraidh cuidiú le labhairt nó tuiscint na Gaeilge, ar an teallach, le Mamó nó le Daideo, sa mbaile, sa siopa, ag an Aifreann, i mbun aon chuid dá g(h)raithí, féadfaidh aon duine den fhoireann atá in Aras Mháirtín Úi Chadhain eolas a thabhairt dó 'di ar na bealaí atá ann le cuidiú leis an duine nó leis na daoine sin.



Cairde atá i gcéin is i gcóngar ach a bhí i gcuideachta a chéile le linn
Chúrsa Gaeilge do Mhná Tí.



Beirt a bhí ar Scéim Chomhobair in Áras Mháirtín Úí Chadhain, 1988:
Rós Bean Úí Chualáin a bhuil fostaiocht lánaimseartha aici anois
agus
Seosamh Ó Flaithearta atá ag freastal ar an gcéad bhliain de Chúrsa
Ríomhaireachta i Luimneach.

Buanú na Gaeilge :

Abhar léinn agus seirbhisi eile a chur ar fáil do mhuintir na hÁite atá i gceist leis seo.

Seo leanas gach ar cuireadh ar fáil de Ranganna ' Cúrsai Oiche tri Ghaeilge ó 1986 i leith:-

Aclaiocht.
Cócaireacht.
Damhsa Seite.
Ealaion.
Fraincís.
Gearmáinís.
Gearrchúrsa Cuntasaiochta.
Cúrsa Griangrafadóireachta.
Cuntais ar an Riomhaire
Próiseáil Focal.
Tosú do Ghnó Féin.
Cúrsa Réamhphósta.
Cúrsa Réamh agus Iarbhreithe.
Cúrsa do Lucht Gnó agus Gairme
Scriobh na Gaeilge.

Béidh Cúrsa Coicise Gearmánaise do Dhaoine Fásta ar siúl:
3-15 Iúil 1989

Is tri Ghaeilge a mhúinfear an cúrsa.

Tá Clár á chur le chéile faoi leagan amach Chúrsai Oiche don gheimhreadh. Dá mba mhaith leatsa an cúrsa ba rogha leat féin a mholadh ná biodh leisce ort é sin a chur in iúl agus déanfaidh foireann an Arais a dícheall freastal ort.

Is iomaí ni eile a bhíonn ar siúl in Áras Mháirtín Úi Chadhair agus is iomaí duine ' coiste a thugann cúnamh don fhoireann ina cuid oibre.

Béidh cur síos ar sin sa chéad Nuacht Litir eile!

Taispeántas do Mhná/do Chailíni óga:

"Péint agus Pabhdar"!

le:

Lucy Ní Dhonncha.

25/4/1989

8.30


Áras Mháirtín Úi Chadhair.



"Mic léinn" ar Chúrsa Grianghrafaidíreachta. Beidh cursa eile dá
reachtaíl sa bhFómhar.



"Cé d'fhág ann tú?"



"Peigin" ag dul go spéir ag mic léinn óga as an Eoraip a bhí ar Chúrsa
Gaeilge Mhí Lúnasa 1989.

*Seo leanas beagán den bhéaloideas agus den seanchas a bhailligh:
PADRAIG SEDIGHE, CAMUS, CONAMARA.*

Mósanna a bhaineann leis an Earrach agus le hainmír na Cásca:

B'fhéile mó� le rá a bhi i Lá' Le Bríde, an lú Feabhra, riámh, fiú siar chomh fada le Ré na Réamhchríostaíochta in Éirinn. In áitreacha go leor facin tuath chaití nó scáiptí luachair taobh amuigh de dhoirse daoine. Bhuaileadh cailín óg ar an doras agus bhailíodh cuid den luachair agus d'iarradh cead isteach in ainm Naomh Bríd. Bhiodh páidreacha á rá de réir mar a bhíodh croiseanna á ndéanamh ag cuid den teaghlaigh. Nuair a bhíodh na croiseanna déanta, bhailiti an chuid den luachair a bhíodh ar an úrlar agus chuirte in aice na tine iad mar leaba do Naomh Bríd mar chreideadh na daoine go mbíodh an Naomh ag taisteal na tire an tráthnóna sin.

Chuirte crois Bhríde suas ós cionn an dorais taobh istigh agus chrochtai cuid eile acu suas taobh amuigh sna cróite agus eile. Deirtear go gcosnódh an chrois an teach ar thoirneach, ar lasracha agus ar stoirmeacha agus iad siúd a bhíodh taobh amuigh chosnódh siad na hainmhíthe ar ghalair agus ar thinneas, dár leo. In áitreacha a raibh an iascaireacht tábhachtach bhailíti sliogéisc agus chuirte i gcoirnéil tithe na n-iascairí iad le haghaidh ádh a chur ar an marú i goaitheamh na bliana. Mar sin féin cé gur comhartha é go raibh an séasúr oibre ag tosnú, fós ní dhéantai aon obair Lá Le Bríde.

I gceantair go leor ar an gcéad Domhnach den Charginn ba ghnáth le gasúir éadach baitsiléara a dhathú le cailc agus ní thaitníodh seo leis na baitsiléiri. In áiteacháil eile d'úsáidtí salann len iad a shábailt go dtí an bhliain dár

gcionn nuair a shíltí go bpósadh siad. Sa 19ú céad ba ghnáth troscadh mór a dhéanamh. Ní itheadh aon duine móran i gcaitheamh an Charghais, go mór mór feoil. D'itheadh na daoine iasc go hiondúil. Ba throscadh mór a bhíodh i gceist. Dhéantai arán ubhainn nó pancóg le haghaidh Mháirt na hInide freisin agus d'úsáideadh bean an tí na huibheacha ar fad, im agus bainne leo seo. Bhiodh na gasúir óga iad féin ag troscadh.

Ba bhriseadh beag de chinéal a bhi i Lá'Le Pádraig faci Chaisc. Ón 17ú céad ba é nos croiseanna a chaitheamh ar an lá seo agus chaitheadh daoine nios boichte mar shampla, seamróg agus chaitheadh buachaillí agus cailíní croiseanna difriúla eile ar an lá seo. Ba nós é feoil a bheith ag daoine mar phriomhbhéile ar an lá seo, agus bhíodh "Pota Phádraig" á usáid chomh maith agus d'óladh daoine as an bpota seo ar an lá – an seamróg a fhliuchadh, mar déarfá. Ba ghnáth le pubanna agus tithe ósta a bheith dúnta ar an lá seo go dtí le gairid. Bhi Lá'Le Pádraig ar an lá a raibh lár an Earraigh tagtha agus ón lá seo amach bheadh daoine ag tosnú ag déanamh an Earraigh agus bheadh na laethanta ag eiri fada. "Gach dara lá ó mo lása amach," arsa Pádraig.

Ba lá mór ar ndoigh Aoine an Chéasta. Ní dhéantai aon obair ar an lá ach troscadh. Is beag, ar chor ar bith a chaitheadh na daoine ar an lá seo, braonacha beaga le n-ól agus ruainne beag le n-ithe, sín an méid. Ní dhéantai aon obair ar an taliathar ar an lá seo, ina áit seo cháiti an lá ag glanadh suas taobh istigh agus taobh amuigh. Mar sin féin chuireadh na feilioméiri ruainne beag cúradóireachta ar an lá seo, ag suíl is go mbeadh beannacht ar na torthai agus ar an obair. Ligeadh na mná agus na cailíní cead scoir dá gcuid gruaige ar an lá seo – ní bhíodh sí ceangailte suas acu mar déarfá – agus freisin d'imiodh na daoine cosnocht ar feadh an lae.

Ní fhágtaí an teach ná ní chuirtí túis le gnó nua ná eile ar an lá seo. Ní dhoirtí aon fhuil ar an lá seo – ní mharaíti aon ainmhi ná éan. Ní bhaintí úsáid as adhmaid ná ní dhóiti é agus ní chuirtí táirne i gclár ná in aon rud eile. Bhiodh siochán agus ciúineas ann i gcaitheamh an ama ar ceásadh Criost – timpeall a trí a chlog – agus deirtí páidreacha le chéile sa teaghlaigh ag an am seo. Deirtí freisin go ndubhódh an spéir ag an am seo. Thugadh a lán daoine cuairt ar an séipéal ar an lá agus théadh siad ann go minic gan bhróg, gan stoca; cosnochta, nó sin bhaineadh siad na bróga díobh ag dul isteach sa séipéal. Ba nós é sin a mbair i bhfad.

Deirtí freisin facin duine a d'fhaigheadh bás Aoine an Chéasta agus a chuirtí ar an Domhnach go mbeadh geataí na bhFlaitheas oscailte dóibh ar an lá seo. Na huibheacha a bheirtí ar Aoine an Chéasta mharcáiltí le crois iad agus d'itheadh gach duine den teaghlaigh ceann acu seo ar Dhomhnach Cásca. Freisin deirtí go dtiocfadh éanacha slaintiúla as uibheacha a chuirtí ar gor Aoine an Chéasta.

Ní dhéantai aon iascach ar an bhfarraige Aoine an Chéasta – ina áit sin dhéantai iascaireacht le líne nó le eangacha. Théadh daoine chuig an gcladach agus ar an trá an lá seo agus bhailliodh siad sliogéisc, a d'iosfadhbh siad mar a bpriomhbbhéile. Is cosúil nach mbíodh aon easpa bia trá orthu ar an lá seo. Bhíodh súil le báisteach agus le haimsír fhuar Aoine an Chéasta. Deirtí go raibh leigheas in uisce a thabharfai ó thobar ar Aoine an Chéasta agus bhaintí dea-úsáid as. Thugtaí abhaile uisce as an séipeal chomh maith, agus chreideadh na daoine go raibh leigheas ag baint leis.

Páiste a rugadh ar Aoine an Cheasta agus a baisteadh ar Dhomhnach Cásca deirti freisin go raibh sé i ndán dó leigheas a bheith aige. Agus dà mba buachaill a bheadh ann, go raibh sé i ndán dó bheith ina shagart nó ina bhalla den chléir eaglasta, mar déarfá.

Bhíodh béile breá ag na daoine ar Dhomhnach Cásca agus go hiondúil mharaití molt nó caora nó beithíoch le haghaidh an lae. Ar ndóigh bhíodh agus tá go fóill neart uibheacha Cásca agus deochanna ag na daoine ar an lá mó� ceiliúrtha seo. Dhéantai roinnt freisin, ar fheoil go speisialta agus thugtaí piosáí feola do chairde agus mar sin le haghaidh an lae.

Maidir le Luan Cásca ba lá mó� féilte agus eile a bhí anseo riamh agus bhíodh aontai agus margáí ar siúl, díol agus ceannach, damhsa, ól agus ceiliúradh chomh maith.

Sin cuid de na nösanna a bhain leis an gCáisc agus leis an Earrach riamh agus an tráth seo bliana. Go mbeirimid beo le sult a bhaint astu.

ARAS MHÁIRTÍN ÚI CHADHAIN

Seirbhisi ar Fáil:-

Seo eolas ar na seirbhisi atá ar fáil ó Áras Mháirtín Úi Chadhain do Choisti agus do dhreamanna eile sa bpobal.

Comhairle agus Cúnamh do ghrúpaí atá ag Forbairt:

- (a) Sula dtugann Roinn na Gaeltachta ná Ódaras na Gaeltachta cúnamh do phobal Gaeltachtaanois bionn siad ag iarraidh ar an bpobal sin plean Gaeilge a chur le chéile agus a chur ag obair.

Beidh Áras Mháirtín Úi Chadhain sásta:-

- (i) Cúnamh a thabhairt do choisti lena gcuid smaointe a chur ar pháipéar.
- (ii) Comhairle a chur ar fáil ar na bealaí leis an bplean a chur i bhfeidhm.
- (iii) Bealaí a thabhairt don phobal lena ndul chun cinn Gaeilge a mheas.

- (b) Brathann neart pobal Gaeltachta ar lion na dteaghlaich atá ag labhairt na Gaeilge sa bpobal sin. Tá foireann Áras Mháirtín Úi Chadhain ar fáil le cuidiú le plean Gaeilge a chur i bhfeidhm do theaghlaigh nach bhfuil chuile dhuine sa teaghlaich ina gcainteoiri dúchais agus go bhfuil siad ag iarraidh gur Gaeilge an teanga teaghlaigh a bheadh acu.

- (c) Siad na deiseanna oideachais atá ar fáil do dhaoine fásta a dhúisionn smaointe agus dul chun cinn i ndaoine le slí bheatha a chur ar fáil dóibh féin agus do dhaoine eile.

Tá liosta de na cursai atá ar fáil ar leathanach 1.

- (d) Cuireann caitheamh aimsire agus foghlaim le chéile fonn ar dhaoine a dhul amach oícheanta. geimhrídh. Seo imeachtai a gcuireann foireann an Árais comhairle ar fáil lena n-eagrú trí lucht scile sna himeachtai seo a chur in aithne díbh:-

- (i) Cúrsa i bhfoghlaim damhsaí seite.
- (ii) Imeachtaí Dramaiochta, Filiochta agus Amhránaiochta.
- (iii) Leachtaí ar ábhair spéise don phobal.
- (iv) Taispeántais Bhéaloidis.
- (v) Taispeántais Oidhreachta an Phobail don phobal féin agus do thurasóirí.
- (vi) Múineadh scileanna cluichi trí Ghaeilge do dhaoine óga.